



Plean Uile-Éireann um Pailneoirí: Gradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil 2022

FOIRM IONTRÁLA

Ainm an Ghrúpa Bailte Slachtmhara agus an Chontae:

.....

Réigiún Bailte Slachtmhara (de réir mar atá luaite i d'fhoirm iarratais náisiúnta i leith Bailte Slachtmhara):

Catagóir Dhaonra Bailte Slachtmhara (A-H) (de réir mar atá luaite i d'fhoirm iarratais náisiúnta i leith Bailte Slachtmhara):.....

An ndearna do ghrúpa iarratas ar an nGradam Pailneora seo riamh roimhe?

Rinne..... Ní dhearna.....

Más é 'Rinne' an freagra, luaigh an bhliain (na blianta) ina ndearnadh an t-iarratas, le do thoil.

.....

An teagmhálaí ainmnithe sa Ghrúpa Bailte Slachtmhara:

Seoladh Poist:

.....

Uimhir theileafóin:**Ríomhphost:**.....

Cosaint Sonraí

Daingním go bhféadfar mo chuid mionsonraí teagmhála, mar atá leagtha amach thuas, a úsáid i gcumarsáidí a bhaineann le Gradam na nÚdarás Áitiúil maidir leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Ní dhéanfar aon fhaisnéis phearsanta a chuirim ar fáil san fhoirm seo a chur ar fáil d'aon tríú páirtithe, ach amháin de réir mar a cheanglaítear le dlí, agus ní úsáideann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus Oifigí Oidhreachta/Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil í ach amháin chun na críche ar ina leith a chuir mé ar fáil í. Aon fhaisnéis phearsanta a chuirim ar fáil, déileálfar léi de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Cuir tic anseo chun toiliú le próiseáil do chuid sonraí ar mhaithe leis an iarratas seo ____

Faisnéis faoi Ghradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil & faoin duais-airgead €10,000

Tá sé mar aidhm ag Gradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil spreagadh a thabhairt do ghrúpaí Bailte Slachtmhara gníomhartha pailneoir-bháúla a chur i bhfeidhm ina mbailte agus ina sráidbhailte mar chuid de chomórtas na mBailte Slachtmhara. Tá Beacha Fiáine na hÉireann fíorthábhachtach i dtaca le pailniú ár gcuid plandaí, crann agus glasraí ach tá laghdú ag teacht ar a líon - is amhlaidh an scéal mar go bhfuil laghdú mór déanta againn ar na limistéir inar féidir leo nead a dhéanamh agus ar an méid bia atá ar fáil dóibh faoin tuath. Is é is aidhm don ghradam ná an treocht sin a chur ar mhalairt treo trí spreagadh a thabhairt do ghrúpaí Bailte Slachtmhara bearta simplí pailneoir-bháúla a dhéanamh ina gceantair áitiúla. Tacaíonn Gradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil leis an [bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí](#) agus faightear urraíocht ina leith sin ó Oifigí Oidhreachta & ó Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann.

Tá catagóirí an ghradaim, mar aon leis na duaiseanna, liostaithe anseo thíos. Bronnfar gradaim i ngach catagóir ach sin faoi réir critéir shásúla. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach www.TidyTowns.ie nó www.pollinators.ie

Catagóir	Baile Mór nó Ionad Uirbeach	Sráidbhaile nó Baile Beag
Náisiúnta	€1000 (ceachtar catagóir dhaonra)	
An Lár Tíre agus an tOirthear	€1000	€1000
An tIarthuaisceart agus an tIarthar	€1000	€1000
An Deisceart agus an Meán-Iarthar	€1000	€1000
An tOirdheisceart	€1000	€1000
Gradam don Iarratasóir Nua Is Fearr	€1000 (ceachtar catagóir dhaonra)	

Cad iad na cineálacha gníomhaíochtaí atá á lorg againn?

Is féidir le pobail áitiúla a bheith chun tosaigh i dtaca le cóimheá níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do phailneoirí agus i dtaca le tuilleadh líonraí gnáthóg pailneoir-bháúil a athbhunú inár dtírdhreach. Tá **doiciméad treorach** ar fáil ina leagtar amach 24 ghníomh ar féidir leat iad a chur i gcrích chun cabhrú le pailneoirí i do phobal áitiúil. Iarrtar ort an t-ábhar sin a léamh nuair a bheidh d'fhoirm iarratais á comhlánú agat. Féach <http://pollinators.ie/communities/> chun cóip dár ndoiciméad treorach dar teideal '**Pobail Áitiúla: Gníomhartha chun cabhrú le Pailneoirí**' a íoslódáil.

Tá sé tábhachtach go mbeidh **cur chuige comhpháirtíochta** ann maidir le tacú le pailneoirí. Molaimid duit a bheith ag obair i gcomhar le d'údarás áitiúil agus le grúpaí eile i do cheantar féin. Iarrtar ort samplaí d'obair den sórt sin a chur ar fáil i d'fhoirm iarratais.

Gheobhaidh tú cuid mhór **acmhainní úsáideacha** ar ár láithreán gréasáin, www.pollinators.ie, lena n-áirítear físeáin, agallaimh le grúpaí buaiteacha Bailte Slachtmhara, agus cuir i láthair, chomh maith le liostaí plandaí pailneoir-bháúla agus cás-staidéir. Tá fáilte romhat aon cheann dár bhfíseáin nó dár gcuir i láthair a chur ar taispeánt, mar chuid de do chruinnithe fíorúla, chun cabhrú le feachtas faoin Plean Pailneoirí a chruthú. Molaimid go mór duit am a chaitheamh ag féachaint ar na hacmhainní ar

www.pollinators.ie. Tá cuid mhór treorach ar fáil, agus í éasca lena húsáid, lena n-áirítear comhairle shonrach d'earnálacha eile, amhail Scoileanna, Gairdíní agus Gnóthaí, agus d'fhéadfadh sé go spreagfadh sé sin smaointe i dtaobh conas is féidir leat deis a chur ar fáil do gach duine i do bhaile nó i do shráidbhaile chun bheith páirteach sna gníomhartha.

Molaimid go háirithe go mbeidh cur chuige uile-bhaile/uile-shráidbhaile ann, seachas limistéir thionscadail ar leithligh - ó tharla gur bealach níos éifeachtaí é sin chun cabhrú le pailneoirí agus go mbeidh tionchar níos dearfaí aige ar an mbithéagsúlacht. Ní bhaineann aon chostas leis na gníomhartha fianaise-bhunaithe a mholtar sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, sin nó ní bhaineann ach costas íseal leo. Is é atá i gceist leo ná gníomhartha amhail athrú a dhéanamh ar na tráthanna a dhéantar lomadh, crainn agus toim phailneoir-bháúla a phlandáil agus feasacht a mhéadú. Moltar cuid mhór gníomhartha féideartha a chumasaíonn do ghrúpaí na gníomhartha is oiriúnaí dá bpoibál a shainaithint. Dá mhéad gníomhartha ar féidir iad a chur i gcrích, is amhlaidh is pailneoir-bháúla a bheidh do cheantar áitiúil.

Is féidir leat **na 10 leid is fearr i leith iarratas a dhéanamh ar an ngradam** a aimsiú anseo <https://www.pollinators.ie/wordpress/wp-content/uploads/2019/03/Tips-on-entering-Tidy-Towns-Pollinator-Award.pdf>

TREORACHA MAIDIR LE HIARRATAS A DHÉANAMH

1. Iarrtar ort cur chuige 'uile-bhaile/uile-shráidbhaile' a bheith agat, seachas tionscadal aonair a eagrú in aon ionad amháin.
2. Comhlánaigh an fhoirm iarratais atá i gceangal leis seo lena chur in iúl dúinn, **gan níos mó ná 3,000 focal a úsáid (agus gan níos mó ná 10 leathanach A4 a úsáid)**, conas atá do phoibál ag cur gníomhartha pailneoir-bháúla i bhfeidhm.
3. Baineann an fhoirm iarratais le hobair a rinneadh sa tréimhse ó **Mheitheamh 2021 go Meitheamh 2022**.
4. Ní ghlacfar le níos mó ná AON IARRATAS AMHÁIN ó gach grúpa ar leith agus ní mór an t-iarratas a bheith á dhéanamh ag grúpa oifigiúil Bailte Slachtmhara (mar atá comhaontaithe leis an Aonad Naisiúnta Bailte Slachtmhara), ar grúpa é a bhfuil iarratas déanta aige ar chomórtas na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2022.
5. Baineann ceisteanna 1 go 7 ar an bhfoirm iarratais go díreach le Gníomhartha **Pailneoir-Bháúla (A-G) de réir mar atá leagtha amach sa doiciméad treorach dar teideal Pobail Áitiúla: Gníomhartha chun cabhrú le pailneoirí**, agus is féidir an doiciméad sin a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Phlean um Pailneoirí <http://pollinators.ie/communities/> **Moltar duit an doiciméad sin a léamh go cúramach nuair a bheidh gníomhartha do bhaile á bpleanáil agus nuair a bheidh an fhoirm iarratais seo á comhlánú.** Aithnítear go bhféadfadh sé nach raibh grúpaí in ann an oiread céanna oibre agus is gnách a dhéanamh mar gheall ar shrianta COVID 19.
6. Tugtar pointí i leith gach ceist ar leith san fhoirm iarratais seo. Ní mór gach ceist a fhreagairt agus ní mór an fhoirm seo amháin a úsáid.
7. Ní mór iontráil a dhéanamh i bhfoirm **comhad aonair PDF** (ina bhfuil an fhoirm iarratais, agus do chuid grianghraf agus léarscáileanna leabaithe ann) agus caithfidh méid an chomhaid sin a bheith níos lú ná 10MB.

8. Iarrtar ort léarscáil de do bhaile/shráidbhaile ar leathanach A4 a chur ar fáil, agus suíomhanna gach ceann ar leith de na gníomhartha pailneoir-bháula a bheidh ann marcáilte uirthi. Glacfar le léarscáil a tarraingíodh de lámh. Toisc an léarscáil a bheith againn is fusa dúinn na gníomhartha pailneoir-bháula a ndeachthas ina mbun ar fud an bhaile/tsráidbhaile a fheiceáil go soiléir. Ina theannta sin, is ceart an léarscáil a leabú isteach san fhoirm iarratais.
9. Iarrtar ort grianghraif a sholáthar mar chabhair i ndáil le léiriú a thabhairt ar an obair. Ní mór teideal a chur ag gabháil le grianghraif, ní mór iad a dhátú agus ní mór iad a leabú isteach san fhoirm iarratais.
10. Cuir d'iontráil chuig pollinatoraward@biodiversityireland.ie le ríomhphost agus “**Gradam Pailneora 2022: Ainm do Bhaile/Shráidbhaile**” scríofa isteach i líne an ábhair.
11. Iarrtar ort an mhír thuas maidir le Cosaint Sonraí a léamh agus tic a chur léi.

Dáta Deireanach: Dé hAoine an 10 Meitheamh 2022

Moltóireacht a dhéanamh i leith an Ghradaim: Painéal moltóirí cuí-cháilithe a mheasúnóidh na hiontrálacha go léir agus áireoidh an painéal sin Oifigigh Oidhreachta agus Oifigigh Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil agus foireann de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Plean Uile-Éireann um Pailneoirí: Gradam Pailneora na nÚdarás Áitiúil 2022

1. Tosaíocht amháin de chuid an Ghradaim Pailneora is ea cosaint a chur ar fáil do na gnáthóga pailneoir-bháula atá ann cheana féin i do cheantar agus díriú ar an tslí ina mbainistítear na gnáthóga sin. (Féach Gníomh 1 sna treoirínte: *Pobail Áitiúla: Gníomhartha chun cabhrú le pailneoirí*). Tabhair 3 shampla, le do thoil, chun a thaispeáint conas atá sé seo á dhéanamh agus luaigh cén fáth gur roghnaíodh na gnáthóga/limistéir sin. Marcáil na 3 limistéar sin ar an léarscáil.
(10 bpointe)

2. Tabhair mionsonraí faoi na hathruithe a rinneadh ar na tráthanna a dhéantar lomadh chun cabhrú le pailneoirí (Gníomhartha 2 go 4). Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi shuíomhanna lomtha, agus faoi athruithe ar na tráthanna a dhéantar lomadh, agus marcáil na limistéir ar an léarscáil).
(15 phointe)

3. Tabhair mionsonraí faoi aon phlandáil phailneoir-bháúil a soláthraíodh agus a bainistíodh (e.g. plandaí ilbhliantúla, síolrú, síolta dúchasacha a bhailítear go háitiúil) (Gníomhartha 5-11). Tabhair ainmneacha na bplandaí pailneoir-bháúla go léir agus marcáil na limistéir ina bhfuil siad ar an léarscáil.

(10 bpointe)

4. Tabhair mionsonraí faoi ghnáthóga neadaithe a cuireadh ar fáil do phailneoirí fiáine, agus marcáil na limistéir ina bhfuil siad ar an léarscáil. (Tá míniú le fáil i nGníomhartha 12 go 15 maidir le conas cré lom a chruthú do bheacha tolltacha agus, chomh maith leis sin, maidir le conas poill a chruthú in adhmaid do bheacha a dhéanann nead i gcúasa). Léigh ár dtreoir dar teideal ‘Conas é a dhéanamh: Gnáthóg neadaithe pailneoirí fiáine a chruthú’ ag <http://pollinators.ie/resources/>

(10 bpointe)

5. Tabhair mionsonraí faoi conas a bhíodhas in ann oibriú gan lotnaidicídí a úsáid nó conas a bhíodhas in ann úsáid lotnaidicídí a laghdú. Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi na cainníochtaí a úsáideadh agus faoi mhéid na limistéar, de réir mar is cuí. (Gníomhartha 16-17) **(10 bpointe)**

6. Tabhair mionsonraí faoin tslí inar méadaíodh feasacht ar phailneoirí i measc an phobail i do cheantar áitiúil agus faoin tslí inar oibríodh ar bhealach comhpháirtíochta leis an údarás áitiúil agus le grúpaí eile. Gníomh 21). Má úsáideann do ghrúpa meáin shóisialta, tabhair naisc le Facebook nó le Twitter. **(10 bpointe)**

7. An bhfuil tionchar na hoibre á thomhas (Gníomhartha 22 go 23)?

7a. An bhfuil do chuid láithreán pailneoir-bháúil curtha isteach sa chóras mapála ar líne ar a dtugtar ‘Actions for Pollinators’? Tá an córas mapála sin an-tábhachtach i dtaca le cabhrú linn rianú a dhéanamh ar an méadú ar an méid bia agus foscaidh atá ar fáil do phailneoirí ar fud an oileáin (féach <https://pollinators.biodiversityireland.ie/>) **(5 phointe)**

Tá..... Níl.....

7b. An bhfuil páirt á glacadh agat i Scéim Faireacháin Bumbóg an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta? (féach <http://www.biodiversityireland.ie/record-biodiversity/surveys/>). **(5 phointe)**

Tá..... Níl.....

8. Cad iad na chéad TRÍ thosaíocht eile nó na chéad TRÍ thionscadal eile ar son pailneoirí a rachaidh tú ina mbun sa bhliain atá romhainn? **(5 phointe)**

9. Cuir **ghrianghraif a bhfuil teidil ag gabháil leo** ar fáil ar fud an iarratais, le do thoil chun léiriú a dhéanamh an obair atá déanta **(10 bpointe)**

An bhfuil grianghraif ann:

10. Iarrtar ort **léarscáil** de do bhaile/shráidbhaile ar leathanach A4 a chur ar fáil, agus suíomhanna gach ceann ar leith de na gníomhartha pailneoir-bháúla a bheidh ann aibhsithe uirthi. Toisc an léarscáil a bheith againn is fusa dúinn na gníomhartha pailneoir-bháúla a ndeachthas ina mbun ar fud an bhaile/tsráidbhaile a fheiceáil go soiléir. **(10 bpointe)**

An bhfuil léarscáil ann: